An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Ciorclán 0072/2018**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna, agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**

**ATHBHREITHNIÚ AR THUARASTAIL LE hÉIFEACHT ÓN 1 EANÁIR 2019 D'OIFIGIGH CHLÉIREACHAIS AGUS D'FHEIGHLITHE FOSTAITHE I mBUNSCOILEANNA FAOI SCÉIM 1978/79 AGUS D'OIFIGIGH CHLÉIREACHAIS FOSTAITHE IN IAR-BHUNSCOILEANNA FAOI SCÉIM 1978**

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna údaráis bhainistíochta agus Oifigigh Chléireachais agus Feighlithe fostaithe i mBunscoileanna faoi Scéim 1978/79 agus Oifigigh Chléireachais fostaithe in Iar-Bhunscoileanna faoi Scéim 1978 a chur ar an eolas faoi fheidhmiú na rátaí athbhreithnithe tuarastail suas go €30,000, le héifeacht ón 1 Eanáir 2019.

**2.** Tugadh na rátaí athbhreithnithe tuarastail isteach mar thoradh ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013–2020 (Comhaontú Bhóthar Haddington/ Comhaontú Bhóthar Lansdún) agus an tAcht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

**Ardú Tuarastail le héifeacht ón 1 Eanáir 2019**

3. Tuarastail bhliantúlaithe suas go **€30,000 le hardú 1%** le héifeacht ón 1 Eanáir 2019.

4. Tá na scálaí ardaithe pá le héifeacht ón 1 Eanáir 2019 leagtha amach in Aguisín 1.

5. Foireann pháirtaimseartha - féadfar pá na foirne páirtaimseartha a athbhreithniú, i gcomhréir le gnáthshocruithe, faoi threoir phá na foirne lánaimseartha lena mbaineann siad chun críocha pá i gcomhréir leis an gCiorclán seo.

6. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2019, tiocfaidh téarmaí an Chiorcláin seo in ionad na scálaí tuarastail uile a bhí iníoctha le hOifigigh Chléireachais agus Feighlithe fostaithe i mBunscoileanna faoi Scéim 1978/79 agus le hOifigigh Chléireachais fostaithe in Iar-Bhunscoileanna faoi Scéim 1978, mar a bhí leagtha amach i gCiorcláin a bhí ann cheana.

**Srianta Feabhsaithe maidir le Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta a Aontaíodh le héifeacht ón 30 Samhain 2015**

7. Meabhraítear d'fhostóirí go bhfuil leasú déanta ar Acht na nAirí agus na Rúnaithe (Leasú), 2011 faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2015, chun srianta feabhsaithe a thabhairt isteach maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a aontaíodh le seirbhísigh phoiblí agus lena bhfostóirí comhlachta seirbhíse poiblí le héifeacht ón 30 Samhain 2015. Tá na codanna ábhartha den Acht le fáil in Aguisín 2. Déileálfar le ró-íocaíochtaí i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorclán 0084/2015 .

**Dáileadh agus Fiosruithe**

8. Deimhnigh go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do bhaill uile an Bhoird Bainistíochta agus go ndírítear aird na foirne uile lena mbaineann sé agus atá fostaithe agat, iad siúd atá as láthair ón obair san áireamh, ar a bhfuil sa Chiorclán.

9. Is féidir rochtain a fháil ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie

10. Ba chóir fiosruithe faoin gCiorclán seo a chur ar ríomhphost chuig: NTSPayroll@education.gov.ie

P. Maloney
Príomhoifigeach
Párolla

4 Nollaig 2018

**Aguisín 1**

**Grád III:**

| **Scálaphointe** | **Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2019** | **Iontrálaithe tar éis 1 Eanáir 2011 01/01/2019** |
|---|---|---|
| **1** | € 25,517 | € 23,587 |
| **2** | € 26,293 | € 25,136 |
| **3** | € 27,422 | € 25,517 |
| **4** | € 28,556 | € 26,293 |
| **5** | € 29,691 | € 27,422 |
| **6** | € 30,513 | € 28,556 |
| **7** | € 31,603 | € 29,691 |
| **8** | € 32,689 | € 30,513 |
| **9** | € 33,460 | € 31,603 |
| **10** | € 34,537 | € 32,689 |
| **11** | € 35,621 | € 33,460 |
| **12** | € 37,662 | € 34,537 |
| **13** | € 37,662 | € 35,621 |
| **14** | | € 37,662 |
| **15** | | € 37,662 |
| *** Incrimint Fadseirbhíse** | € 39,110 | € 39,110 |

*** tar éis 3 bliana seirbhíse sásúla ag an uasmhéid**

**Grád IV:**

| Scálaphointe | Iontrálaithe Roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2019 | Iontrálaithe Tar Éis 1 Eanáir 2011 01/01/2019 |
|---|---|---|
| **1** | € 30,212 | € 27,566 |
| **2** | € 32,285 | € 29,450 |
| **3** | € 34,049 | € 30,212 |
| **4** | € 35,595 | € 32,285 |
| **5** | € 37,086 | € 34,049 |
| **6** | € 39,102 | € 35,595 |
| **7** | € 40,560 | € 37,086 |
| **8** | € 42,042 | € 39,102 |
| **9** | | € 40,560 |
| **10** | | € 42,042 |
| *** 1ú Incrimint Fadseirbhíse** | € 43,403 | € 43,403 |
| **** 2ú Incrimint Fadseirbhíse** | € 44,771 | € 44,771 |

*** tar éis 3 bliana seirbhíse sásúla ag an uasmhéid**
**** tar éis 3 bliana seirbhíse sásúla ag an 1ú Incrimint Fadseirbhíse**

**FEIGHLITHE I SCOILEANNA NÁISIÚNTA BHAILE ÁTHA CLIATH**

| | Iontrálaithe Roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2019 | Iontrálaithe Tar Éis 1 Eanáir 2011 01/01/2019 |
|---|---|---|
| | € 593.20 | € 541.20 |
| | € 597.53 | € 554.16 |
| | € 599.31 | € 593.20 |
| | € 600.96 | € 597.53 |
| | € 602.71 | € 599.31 |
| | € 604.45 | € 600.96 |
| | € 606.18 | € 602.71 |
| | € 607.91 | € 604.45 |
| | € 609.80 | € 606.18 |
| | € 611.59 | € 607.91 |
| | € 613.98 | € 609.80 |
| | € 616.42 | € 611.59 |
| | € 618.74 | € 613.98 |
| | | € 616.42 |
| | | € 618.74 |

**FEIGHLITHE I SCOILEANNA NÁISIÚNTA LASMUIGH DE BHAILE ÁTHA CLIATH (AGUS CATHAIR CHORCAÍ IAR 1989)**

| | Iontrálaithe Roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2019 | Iontrálaithe Tar Éis 1 Eanáir 2011 01/01/2019 |
|---|---|---|
| | € 596.11 | € 543.83 |
| | € 599.33 | € 556.61 |
| | € 602.34 | € 596.11 |
| | € 604.04 | € 599.33 |
| | € 605.73 | € 602.34 |
| | € 607.50 | € 604.04 |
| | € 609.21 | € 605.73 |
| | € 610.98 | € 607.50 |
| | € 612.77 | € 609.21 |
| | € 614.67 | € 610.98 |
| | € 616.55 | € 612.77 |
| | € 618.55 | € 614.67 |

| | | |
|---|---|---|
| | € 620.30 | € 616.55 |
| | | € 618.55 |
| | | € 620.30 |

**FEIGHLITHE I SCOILEANNA NÁISIÚNTA LASMUIGH DE BHAILE ÁTHA CLIATH (agus CATHAIR CHORCAÍ IAR 1989) NÍOR ÍOCADH ACH CÉIM I D'ÍOCAÍOCHT AN CHLÁIR UM IOMAÍOCHAS AGUS OBAIR**

| | **Iontrálaithe Roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2019** | **Iontrálaithe Tar Éis 1 Eanáir 2011 01/01/2019** |
|---|---|---|
| | € 580.48 | € 524.40 |
| | € 580.48 | € 537.39 |
| | € 581.21 | € 580.48 |
| | € 582.91 | € 580.48 |
| | € 584.62 | € 581.21 |
| | € 586.35 | € 582.91 |
| | € 588.08 | € 584.62 |
| | € 589.85 | € 586.35 |
| | € 591.60 | € 588.08 |
| | € 593.49 | € 589.85 |
| | € 595.42 | € 591.60 |
| | € 597.39 | € 593.49 |
| | € 599.18 | € 595.42 |
| | | € 597.39 |
| | | € 599.18 |

**Aguisín 2**

**Alt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail, 2015**

**Leasú ar an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011**

Déantar an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 a leasú ach an t-alt seo a leanas a chur isteach tar éis alt 16:

**"Smacht ar théarmaí agus ar choinníollacha na seirbhíseach poiblí**

**16A.** (1) Sna cásanna seo a leanas —

(a) tá téarma nó coinníoll ceadaithe ag an Aire mar théarma nó coinníoll le bheith curtha i bhfeidhm don am i láthair maidir le fostaíocht aicme nó catagóir seirbhísigh phoiblí (bíodh sé gur ceadú atá le faomhadh atá ann, cinéalcheadú ar bith eile nó cead an Aire ar chinneadh duine eile san ábhar a dhéanamh), agus

(b) conradh fostaíochta a thugtar do sheirbhíseach poiblí laistigh den aicme nó catagóir sin a bhfuil téarma nó coinníoll istigh ann atá ag teacht leis nó atá mar an gcéanna leis an téarma nó coinníoll bunaithe atá ceadaithe ach atá níos buntáistí don seirbhíseach poiblí ná an téarma nó an coinníoll sin,

beidh an conradh i bhfeidhm mar a bheadh an téarma nó coinníoll bunaithe atá ceadaithe (a bhfuil tagairt déanta air faoi fho-ailt (2) agus (3) mar 'téarma nó coinníoll ceadaithe') in ionad an téarma nó coinníoll céadluaite in alt (b) (a bhfuil tagairt déanta air faoi fho-ailt (2) agus (3) mar 'téarma nó coinníoll neamhcheadaithe').

(2) Déanfar neamhaird ar mhéid ar bith íoctha chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí leis an téarma nó coinníoll neamhcheadaithe atá níos mó ná an méid iníoctha chuig an seirbhíseach poiblí faoin téarma nó coinníoll ceadaithe chun críocha teidlíocht pinsin ar bith a áireamh (teidlíocht chnapshuime agus teidlíocht íocaíochtaí tráthrialta de phinsean san áireamh) don seirbhíseach poiblí sin.

(3) Sa chás a n-íoctar méid chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí leis an téarma nó coinníoll neamhcheadaithe atá níos mó ná an méid iníoctha chuig an seirbhíseach poiblí faoin téarma nó coinníoll ceadaithe, mar sin—

(a) coinneoidh an seirbhíseach poiblí an ró-íocaíocht ar iontaobhas don chomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(b) gheobhaidh an comhlacht seirbhíse poiblí méid na ró-íocaíochta ar ais ón seirbhíseach poiblí go díreach nó trí asbhaint den luach saothair iníoctha don seirbhíseach poiblí sin ina dhiaidh sin nó ar bhealach ar bith eile.

(4) I gcás—

(a) go ndéantar conradh fostaíochta maidir leis an seirbhíseach poiblí, agus

(b) ina bhfuil téarma nó coinníoll sa chonradh maidir le luach saothair nach bhfuil ag teacht leis nó nach bhfuil mar an gcéanna le téarma nó coinníoll ar bith bunaithe atá ceadaithe ag an Aire maidir le fostaíocht aicme nó catagóir sheirbhísigh phoiblí ina gcuirtear an seirbhíseach poiblí céad luaite (bíodh sé gur ceadú atá le faomhadh atá ann, cinéalcheadú ar bith eile nó cead an Aire ar chinneadh duine eile san ábhar), beidh an téarma nó coinníoll curtha ar neamhní.

(5) Déanfar neamhaird ar mhéid ar bith íoctha chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí le téarma nó coinníoll curtha ar neamhní faoi fho-alt (4) chun críocha teidlíocht pinsin a áireamh (teidlíocht chnapshuime agus teidlíocht íocaíochtaí tráthrialta de phinsean san áireamh) don seirbhíseach poiblí sin.

(6) I gcás ina n-íoctar méid chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí le téarma nó coinníoll curtha ar neamhní faoi fho-alt (4), mar sin—

(a) coinneoidh an seirbhíseach poiblí an méid ar iontaobhas don chomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(b) gheobhaidh an comhlacht seirbhíse poiblí an méid ar ais ón seirbhíseach poiblí go díreach nó trí asbhaint den luach saothair iníoctha don seirbhíseach poiblí sin ina dhiaidh sin nó ar bhealach ar bith eile.

(7) Ní ghlacfar le fo-ailt (3) agus (6) mar theorainn ar dhliteanas faoi reacht duine ar bith mar mhíniú ar a leithéid de ró-íocaíocht.

(8) Sa chás nach bhfaightear méid a bhaineann le fo-alt (3) nó (6) ar ais ag an gcomhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann sé, d’fheadfadh an tAire ordú i scríbhinn a thabhairt don chomhlacht sin an méid a fháil ar ais, roimh dháta sonraithe, i gcomhréir le fo-alt (3)(b) nó (6)(b), de réir mar is cuí, agus, mura n-éiríonn leis an gcomhlacht an méid a fháil ar ais, d’fheadfadh an tAire an méid a asbhaint de dheontas nó vótáil, nó íocaíocht ar bith den chomhlacht sin amach as airgead tugtha go díreach nó go hindíreach ag an Oireachtas nó ón Lárchiste nó toradh fáis an chiste sin.

(9) Baineann an t-alt seo le téarma nó coinníoll aontaithe i ndiaidh tús a chur le halt 12 den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2015.

(10) Tá an t-alt seo i bhfeidhm in ainneoin —

(a) achtachán ar bith eile,

(b) scéim pinsin nó socrú ar bith eile,

(c) comhaontú nó socrú conartha ar bith eile, nó

(d) tuiscint, ionchas, ciorclán nó ionstraim ar bith nó cáipéis eile.

(11) San alt seo—

Is ionann “seirbhíseach poiblí” agus duine atá fostaithe ag, nó a choinníonn oifig nó ról eile i gcomhlacht de chuid na seirbhíse poiblí;

Is ionann “luach saothair” agus díolaíochtaí a bhaineann le nó atá bainteach le Caibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.